beatha le bua
Anne Frank

beatha le bua



Arna fhoilsiú i 2007 ag Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig agus Cànan, le tacaíocht ón Bhuidheann Eadar-roinneil airson Ionnsachadh agus Leasachadh Coimhearsnachd (An Grúpa um Fhoghlaim agus Forbairt Pobail).

© Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig thar ceann na nÚdarás a bhfuil ionadaíocht acu ar MRG 2007.

Faigheann Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig tacaíocht ó Bhòrd na Gàidhlig.

Pictiúr Clúdaigh © Getty Images.

Pictiúr le Corbis agus Getty.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den leabhar seo a atáirgeadh i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig.

Arna dhearadh ag Cànan Teo.

Arna aistriú agus arna tháirgeadh ag Multimedia CCEA.

Tá CCEA fíorbhuíoch as cead a fháil an áis seo a aistriú agus a chur in oiriúint ó Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig.

Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig

Rewarding Learning

beatha le bua

ANNE FRANK

Téacs le Gillebride Mac'Illemhaoil

Anne Frank

Cé nach raibh Anne Frank ach 16 d'aois nuair a fuair sí bás, bhí tionchar aici ar an domhan mar gheall ar an dialann a scríobh sí. Scríobh sí an dialann thar dhá bhliain nuair a bhí sí féin agus a teaghlach i bhfolach in Amsterdam ó thrúpaí Naitsíocha. Cuireadh an dialann i gcló i ndiaidh a báis, agus thug sé pictiúr dúinn cad é mar a bhí sé eagla do bheatha a bheith ort ar feadh dhá bhliain. Fuair Anne Frank bás i gcampa géibhinn i 1945.

ANNE FRANK

© GETTY IMAGES

ANNE FRANK

© GETTY IMAGES

ANNE FRANK

An Ghearmáin

Is sa Ghearmáin a rugadh agus a tógadh Anne Marie Frank. Giúdaigh a bhí sa teaghlach s'aici. Ach bhí orthu an Ghearmáin a fhágáil nuair a tháinig lucht tacaíochta Adolf Hitler i gcumhacht in Frankfurt, áit a raibh siad ina gcónaí. Ní raibh Anne ach 4 bliana d'aois nuair a d'fhág a teaghlach an Ghearmáin agus a chuaigh siad chun na hÍsiltíre le saol nua a bhaint amach dóibh féin. Fuair Otto Frank, athair Anne, obair i monarchain. Bhí saol iontach sona ag an teaghlach, cé go raibh eagla orthu i gcónaí go dtiocfadh na Naitsithe i gcumhacht in Amsterdam, agus go mbeadh siad go holc do na Giúdaigh.

Anne agus Margot

Margot an t-ainm a bhí ar dheirfiúr Anne. Bhí Margot 3 bliana níos sine ná Anne agus cé go raibh grá acu ar a chéile, bhí siad an-éagsúil le chéile. Bhí Margot faiteach agus séimh, agus bhí sí maith ag an mhata. Bhí Anne lán cuideachta, agus ba ghnách léi a bheith ag spraoi i gcónaí. Bhí sí maith ag an léamh agus ag an scríobh agus nuair a bhí an t-am aici, ba ghnách léi scríbhneoireacht a dhéanamh. Ní ligfeadh sí do dhuine ar bith an méid a scríobh sí a fheiceáil, agus ba ghnách léi a cuid scríbhinní a choinneáil i bhfolach ó shúile gach duine.

ANNE FRANK

© GETTY IMAGES

ANNE


een foto, zoals
zou wensen,
tijd zo te zijn.
Dan had ik nog wel
een kans om naar
Hollywood te komen.
Anne Frank.
10 Oct. 1942

FRANK

© GETTY IMAGES

ANNE FRANK

© Wolfgang Kaehlee/CORBIS

Na Naitsithe

I mBealtaine 1940 fuair rialtas Naitsíoch na Gearmáine bua ar an Ísiltír. Tháinig athruithe ar shaol na nGiúdach a bhí ina gcónaí san Ísealtír. Rinne na Naitsithe dlíthe go gcaithfeadh na Giúdaigh insint cá raibh siad ag fanacht agus cá raibh siad ag dul. Ní thiocfadh le páistí Giúdacha dul ar ghnáthscoileanna agus ní thiocfadh leo súgradh le páistí nach raibh ina nGiúdaigh. Chaithfeadh gach Giúdach réalta bhuí a chaitheamh le go bhfeicfeadh na daoine gur léir gur Giúdaigh a bhí iontu.

Ag dul i bhfolach

1 Mí Iúil fuair Margot Frank litir ag iarraidh uirthi dul go campa oibre le Giúdaigh eile. Níor mhaith leis an teaghlach seo, nó bhí siad millteanach contúirteach agus bhí cuid mhór de na daoine a bhí ag dul iontu ag fáil bháis. Bheartaigh an teaghlach go rachadh siad i bhfolach ina dteach féin. Bhí siad ina gcónaí i dteach an-mhór agus bhí áit rúnda amuigh ar a chúl a dtiocfadh leo dul i bhfolach ann. Níor inis siad do dhuine ar bith ach do na daoine a raibh muinín acu astu. D'imigh siad as an teach agus lig siad orthu go raibh siad ag teitheadh. Bhí súil acu go sílfeadh na trúpaí Gearmánacha gur fhág siad an teach ar fad.

ANNE FRANK

© Bettman/CORBIS

ANNE FRANK

© Walter Bibikow/JAI/CORBIS

ANNE FRANK

Dialann

Fuair Anne Frank dialann óna hathair dá breithlá nuair a bhí sí 13 bliana d'aois. Thosaigh sí ar scríobh ann chomh luath agus a fuair sí í. D'inis sí faoin teaghlach s'aici. Thug sí cuntas ar an dóigh ar athraigh cúrsaí nuair a fuair na Naitsithe smacht ar an tír. D'inis sí go mion faoin saol a bhí aici. Ní raibh Anne ag iarraidh go léifeadh duine eile na rudaí a scríobh sí go dtí gur chuala sí clár raidió ag iarraidh scéalta pearsanta faoin chogadh le craoladh nuair a bheadh an cogadh thart. Thosaigh sí ag cur eagair ar a cuid scríbhinní le go dtiocfadh léi iad a chur chuig an raidió.

Campa Cogaidh

Ar an 4 Lúnasa 1944 fuair saighdiúirí Naitsíocha eolas go raibh daoine ag fanacht i seomraí rúnda sa teach. Chuir siad teaghlach Frank go campa géibhinn Belsen leis na mílte Giúdach eile. Bhí sé ina uafás ansin. Cuireadh an chuid a bhí faoi 15 bliana d'aois chun báis i seomraí gáis. Scaradh na mná ó na fir, bhearr daoine an ghruaig dá gceann, rinne siad tatú de réalta ar a gcraiceann agus bhí orthu a bheith ag obair mar sclábhaithe. Bhuail an galar tífeas an campa agus fuair cuid mhór daoine a bhí lag cheana féin bás leis an ghalar sin. Fuair Anne agus a deirfiúr bás seachtain nó dhó sular shaor saighdiúirí Briotánacha na príosúnaigh as an champa. Fuair máthair Anne bás tamall roimhe sin sa champa chéanna.

ANNE FRANK

I ndiaidh an chogaidh

I ndiaidh an chogaidh tháinig athair Anne ar ais go dtí an teach in Amsterdam a raibh siad i bhfolach ann. Tháinig sé ar dhialann Anne agus ní thiocfadh leis a chreidiúint go raibh a oiread eolais faoina saol ann. Shíl sé gur scéal an-tábhachtach a bhí ann, agus chuir sé eagar uirthi, agus ansin d'fhoilsigh sé an dialann. Tá leagan den leabhar ar fáil i gcuid mhór teangacha, sa Ghaeilge san áireamh, agus tá an dialann léite ag na milliúin. Cuireadh fundúireacht Anne Frank agus Iarsmalann Anne Frank ar bun le cuimhne a choinneáil uirthi agus ar na mílte Giúdach a fuair bás faoi rialtas uafásach na Naitsithe. D'fhág an dialann a scríobh an cailín óg seo faoi na drochrudaí a tharla sa chogadh tionchar mór ar dhaoine ar fud an tsaoil.



Stòrlann Nàiseanta na Gàidhlig

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning